
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Ollscoil Átha Cliath



# Lámhleabhar 2024-25

## An M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge & Gaeltachta

*Bliain 1*

**Scoil an Oideachais**

**Coláiste na Tríonóide**

# Clár

.......................................................................................................................................1
1. Fáilte ..........................................................................................................................4
1.1 Fáilte ón gCeann Scoile..........................................................................................4
1.2 Fáilte ó Oifig an M.Oid. ..........................................................................................5
1.3 An Lámhleabhar seo ...............................................................................................5
1.4 Scoil an Oideachais .................................................................................................5
2. Eolas ginearálta agus Sonraí Teagmhála ..................................................................6
2.1 Oifig an M.Oid..........................................................................................................6
2.2 Sonraí Teagmhála na Foirne ....................................................................................6
2.3 Teagmhálaithe Úsáideacha Eile ..............................................................................7
3. Eolas faoin M.Oid........................................................................................................8
3.1 Achoimre ar an gCúrsa ............................................................................................8
3.2 Aidhmeanna an Chúrsa ...........................................................................................8
3.3 Na Modúil .................................................................................................................9
3.4 Creidiúintí Acadúla .................................................................................................11
3.5 Tinreamh agus Asláithreachtaí ..............................................................................12
3.6 Ranganna Teagaisc agus Tacaíocht Teanga ..........................................................13
3.7 Scoil Fómhair .........................................................................................................13
3.8 Sceideal An Chúrsa ................................................................................................13
3.9 Aiseolas ar an gCúrsa.............................................................................................13
3.10 Ionadaí Ranga .......................................................................................................13
3.11 Bliain 2 agus An Tráchtas .....................................................................................14
3.12 Blackboard............................................................................................................14
4. Measúnú ar an bhFoghlaim.........................................................................................14
4.1 Rialacháin Mheasúnaithe .......................................................................................14
4.2 Modhanna Measúnaithe .........................................................................................17
4.3 Critéir Mheasúnaithe...............................................................................................17
4.4 Obair Chúrsa a chur isteach....................................................................................18
4.5 Scríbhneoireacht Acadúil ........................................................................................18
4.6 Bradaíl agus polasaí maidir le húsáid na teicneolaíochta.........................................18
4.7 Athsheiceáil agus Achomhairc.................................................................................22
4.8 Sceideal Measúnaithe na bliana..............................................................................22
4.9 Acmhainní Úsáideacha ...........................................................................................22
5. Seirbhísí agus Saol an Choláiste.................................................................................26
5.1 An Leabharlann.........................................................................................................26

5.2 Seirbhísí Míchumais na Tríonóide ....................................................................................26
5.3 An tSeirbhís Chomhairleach Iarchéime (*Postgraduate Advisory Service*) ....................................26
5.4 Seirbhísí Tacaíochta ..........................................................................................................27
5.5 Seirbhísí Tacaíochta Foghlama............................................................................................27
5.6 Seomra na Gaeilge.............................................................................................................28
5.7 An Cumann Gaelach ..........................................................................................................28
5.8 Searmanais Bronnta ..........................................................................................................29
5.9 Seomra Léitheoireachta Iarchéime 1937..............................................................................29

# 1. Fáilte

## 1.1 Fáilte ón gCeann Scoile

Fáilte romhat go Coláiste na Tríonóide, Ollscoil Átha Cliath, don bhliain atá romhainn. Tá súil agam go mbainfidh tú aoibhneas as do chuid ama linn is go n-éireoidh leat le do chúrsa i mbliana.

Le breis agus 400 bliain anuas tá áit lárnach ag Coláiste na Tríonóide i saol acadúil, cultúrtha agus sóisialta shochaí na hÉireann agus is ollscoil í a bhfuil aitheantas agus tionchar ollmhór domhanda aici. Mar chuid den traidisiún sin, gabhann Scoil an Oideachais buíochas leat as páirt a ghlacadh inár bpobal agus tá súil againn go mbeidh d'aistear oideachasúil níos saibhre dá bharr.

Tá Scoil an Oideachais ar cheann de na scoileanna gairmiúla is mó i gColáiste na Tríonóide, agus tá sí tiomanta d'oideachas tosaigh múinteoirí, oideachas iarchéime agus d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach. Tá an Scoil tiomanta do thaighde ar ardchaighdeán a dhéanamh atá nasctha go dlúth leis an teagasc ag leibhéil fochéime agus iarchéime araon. Tá aitheantas náisiúnta agus idirnáisiúnta bainte amach ag an Scoil i bpobail acadúla agus ghairmiúla araon, agus cuireann taighde na Scoile le tuiscint ar an oideachas agus ar an gcleachtas; rangaíodh an Scoil in áit 62 ar domhan sa *QS World University Subject Rankings* i mbliana. Is léiriú é fás leanúnach na Scoile ar an gcúram agus ar an aird a thugann muid do na mic léinn go léir, idir nua agus bhunaithe.

Tá neart eolais sa lámhleabhar seo a chabhróidh leat agus tú ag obair i dtreo na Máistreachta. Guím gach rath ort sa bhliain atá romhainn agus táim ag tnúth le bualadh leat le linn do chuid ama i Scoil an Oideachais.

An tOllamh Ann Devitt
Ceann Scoile

## 1.2 Fáilte ó Oifig an M.Oid.

Fáilte go dtí an M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta i Scoil an Oideachais. Táimid muiníneach go mbainfidh tú tairbhe agus fiúntas as an M.Oid. agus as an tréimhse a chaithfidh tú i Scoil an Oideachais. Tugann an cúrsa an deis do rannpháirtithe ardchaighdeán feabhais a bhaint amach ina gcleachtais oideachais agus ina n-inniúlacht teanga. Tá an clár deartha dóibh siúd atá ag obair go lánaimseartha. Cuirfear tuilleadh eolais ar fáil le linn na bliana ag an nasc thíos:

Suíomh Gréasáin: https://www.tcd.ie/education/courses/postgraduate/m-oid-san-oideachas-lan-ghaeilge-agus-gaeltachta/

Molaimid do gach mac léinn M.Oid. an Lámhleabhar a léamh go críochnúil. Guímid gach rath ort sa bhliain amach romhainn.

## 1.3 An Lámhleabhar seo

Dearadh an Lámhleabhar seo do mhic léinn an M.Oid. in Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide agus cuireann sé leis an eolas atá ar fáil i bhFéilire Choláiste na Tríonóide 2024/2025 (féach: https://www.tcd.ie/calendar/) . Tá an Lámhleabhar mar threoir do ghnéithe éagsúla den chlár M.Oid a chuirtear ar fáil i Scoil an Oideachais.

D'fhéadfadh sé go dtiocfaidh athrú ar an gclár tar éis an lámhleabhar seo a fhoilsiú. Cuirfear aon leasuithe riachtanacha in iúl duit trí do sheoladh ríomhphoist don choláiste. I gcás aon choimhlint idir Rialacháin Ghinearálta an Choláiste, ar fáil i Féilire Choláiste na Tríonóide, agus an Lámhleabhar seo, beidh forlámhas ag forálacha na Rialachán Ginearálta (féach: https://www.tcd.ie/calendar/). Tá cóip leictreonach den Lámhleabhar seo ar fáil ar shuíomh gréasáin Scoil an Oideachais.

## 1.4 Scoil an Oideachais

Bunaíodh Scoil an Oideachais i 1905 agus tá sí ar cheann de scoileanna gairmiúla móra na hOllscoile. Le 100 bliain anuas, d'fhás sí ó thaobh méide agus cáile de agus cuirtear réimse suntasach cúrsaí iarchéime ar fáil i Scoil an Oideachais, agus déantar taighde ar go leor réimsí tábhachtacha oideachais chomh maith.

# 2. Eolas ginearálta agus Sonraí Teagmhála

## 2.1 Oifig an M.Oid.

Más mian leat cuairt a thabhairt ar oifig an M.Oid. go pearsanta, ní mór duit ríomhphost a chur chuig an oifig M.Oid. roimh ré chun cuairt a eagrú. Féach na sonraí thíos chun teagmháil a dhéanamh:

- Ríomhphost: moid@tcd.ie

## 2.2 Sonraí Teagmhála na Foirne

Déanfaidh Scoil an Oideachais cumarsáid leat trí do sheoladh ríomhphoist ollscoile a gheobhaidh tú nuair a chláróidh tú. Moltar duit do chuntas ríomhphoist a sheiceáil go rialta. Tabhair faoi deara, ar an gcéad dul síos, gur chóir gach fiosrúchán maidir le modúil, measúnuithe, aiseolas agus feitheoireacht taighde a sheoladh chuig Oifig an M.Oid. ag moid@tcd.ie.

| Ball foirne | Sonraí |
|---|---|
| **Ann Devitt**<br>**Ceann Scoile** | Ríomhphost: headofeducation@tcd.ie |
| **Conn McCluskey**<br>**Bainisteoir Scoile** | Ríomhphost: cmcclusk@tcd.ie |
| **Emily Barnes**<br>**Comhordaitheoir an Chúrsa** | Ríomhphost: barnesem@tcd.ie |
| **Iseult Ní Chonchúir**<br>**Comhordaitheoir Modúil** | Ríomhphost: nchonchi@tcd.ie |
| **Gavin Ó Murchú**<br>**Comhordaitheoir Modúil** | Ríomhphost: gavin.muprhy@tcd.ie |
| **Noel Ó Murchadha**<br>**Comhordaitheoir Modúil**<br>**Stiúrthóir um Theagasc agus Foghlaim Iarchéime** | Ríomhphost: noel.omurchadha@tcd.ie |
| **Caoimhe Ní Bhraonáin**<br>**Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin** | Ríomhphost: moid@tcd.ie |
| **TJ Ó Ceallaigh**<br>**Scrúdaitheoir Seachtrach** | Ollamh Comhlach, Scoil an Oideachais, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh |

## 2.3 Teagmhálaithe Úsáideacha Eile

### Tacaíocht Teicneolaíochta (*IT Services*)

Cuirtear tacaíocht teicneolaíocht ar fáil do mhic léinn trí Dheasc Seirbhíse IT an Choláiste. Tá réimse leathan oiliúna IT ar fáil freisin — ar líne nó ar an láthair.

- Seoladh: Foirgneamh Watts, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath 2.
- Uaireanta Oscailte: Luan go Déardaoin: 9am — 5.30pm agus Dé hAoine: 9am — 5pm.
- Uimhir theileafóin: + 353-1-896 2000.
- Ríomhphost: itservicedesk@tcd.ie
- Suíomh Gréasáin: https://www.tcd.ie/itservices/

**Tá treoir maidir le rochtain a fháil ar chóras wifi an choláiste ar fáil anseo:**
https://www.tcd.ie/itservices/our-services/student-wi-fi/

### An Chlárlann Acadúil

Bíonn go leor seirbhísí éagsúla – ó chúrsaí clárúcháin go bronnadh na céime – faoi chúram na Clárlainne Acadúla

- Seoladh: Áras an Phiarsaigh (bunurlár AAP), Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath 2.
- Uaireanta Oscailte: Luan go Déardaoin: 9am — 5.30pm agus Dé hAoine: 9am — 5pm.
- Uimhir theileafóin: + 353-1-8964500.
- Ríomhphost: academic.registry@tcd.ie
- Suíomh Gréasáin: https://www.tcd.ie/academicregistry/

# 3. Eolas faoin M.Oid.

## 3.1 Achoimre ar an gCúrsa

Cuireadh tús leis an M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta i gColáiste na Tríonóide sa bhliain acadúil 2023-24. Is do mhúinteoirí agus do cheannairí i suíomhanna scoile lán-Ghaeilge agus Gaeltachta an cúrsa seo, bídís ina múinteoirí nó ina gceannairí bunscoile nó iar-bhunscoile. Tugann an cúrsa an deis do rannpháirtithe ardchaighdeán feabhais a bhaint amach ina gcleachtais oideachais agus ina n-inniúlacht teanga.

Dearadh an sceideal teagaisc agus foghlama le go mbeadh múinteoirí agus ceannairí scoile atá ag obair go lán-aimseartha in ann tabhairt faoin gcúrsa agus freastal ar na léachtaí agus ar na ranganna teagaisc ar fad. Chuige sin, tá dearadh an chúrsa bunaithe ar an bhfoghlaim chumaisc agus beidh idir léachtaí ar líne (c. 40%) agus léachtaí ar an láthair (c. 60%) i gceist. Cuireann mic léinn sé mhodúl múinte i gcrích i mBliain 1 (is ionann gach modúl agus 10 ECTS). I mBliain 2, cuireann siad modúl múinte amháin (10 ECTS) i gcrích chomh maith le modúl an tráchtais (30 ECTS).

## 3.2 Aidhmeanna an Chúrsa

Cuirtear béim san M.Oid. ar fhorbairt an chleachtais, agus ar fhorbairt scileanna taighde a bheidh ina bhonn fianaise don chleachtas. Baintear é sin amach trí dheiseanna a chur ar fáil le haghaidh machnamh criticiúil, rannpháirtíocht ghníomhach i gcúrsaí, agus trí inniúlachtaí teoiriciúla, fealsúnachta agus curaclaim a fhorbairt.

Tar éis do mhic léinn an cúrsa a chríochnú go rathúil, ba cheart go mbeadh siad in ann:

1. Anailís chriticiúil a dhéanamh ar riachtanais foghlaimeoirí dátheangacha/ilteangacha agus ar an gcaoi ar féidir freastal orthu in oideachas trí mheán teanga mionlaí;
2. Meastóireacht a dhéanamh ar pholasaí agus ar chleachtas san oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta;
3. Ábhair, beartais agus cleachtais atá oiriúnach don chomhthéacs a fhorbairt chun teagasc agus foghlaim éifeachtach agus chuimsitheach a éascú ina suíomhanna oideachais;
4. Feasacht ar a n-inniúlacht sa Ghaeilge a chur in iúl agus pleanáil lena forbairt go Leibhéal C1 ar an CEFR;

5. Measúnú a dhéanamh ar mhúnlaí pleanála, measúnaithe agus ceannaireachta agus meastóireacht a dhéanamh ar a oiriúnaí atá siad i suíomhanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta;

6. Ceannaireacht a léiriú maidir le beartas agus cleachtas éifeachtach agus cuimsitheach a dhearadh agus a chur chun feidhme ina suíomhanna oideachais;

7. Cleachtais ar leibhéal an tseomra ranga agus ar leibhéal na scoile a dhearadh atá bunaithe ar thaighde, dírithe ar thaighde, comhtháite le taighde agus taighde-threoraithe;

8. Imscrúdú a dhéanamh ar ról an mhúinteora mar thaighdeoir agus ar a gcumas athruithe a chur i bhfeidhm i suíomhanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta;

9. Anailís chriticiúil a dhéanamh ar shaincheisteanna comhaimseartha ina réimse taighde agus tionscadal taighde féinstiúrtha a dhearadh agus a dhéanamh atá ábhartha dá gcleachtas;

10. Saineolas ar chineálacha eimpíreacha/neamheimpíreacha taighde a léiriú agus machnamh criticiúil a dhéanamh ar impleachtaí sóisialta, gairmiúla agus eiticiúla a gcuid taighde;

11. Réasúnaíocht taighde, creatlach taighde agus conclúidí taighde a chur in iúl go héifeachtach do lucht féachana speisialaithe agus neamhspeisialtóra ina réimse féin;

12. Inniúlacht shaineolach sa Ghaeilge a léiriú de réir Leibhéal C1 ar an CEFR.

## 3.3 Na Modúil

Tá cur síos ar na modúil ar fáil thíos:

| Modúl | Cur síos |
|---|---|
| **BLIAIN 1** | |
| **Modúl 1: An tumoideachas agus an dátheangachas (10 ECTS):** | Sa mhodúl seo, díreoidh na rannpháirtithe ar shaintréithe an tumoideachais agus an dátheangachais ar shlí a chuirfidh ar a gcumas dul i mbun cleachtas ionchuimsitheach taighde-bhunaithe. Cíorfaidh na rannpháirtithe múnlaí tumoideachais agus múnlaí oideachais dátheangacha agus déanfaidh siad anailís ar an sealbhú teanga agus litearthachta sna |

| | |
|---|---|
| | comhthéacsanna sin. |
| **Modúl 2: An dea-chleachtas i suíomhanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge (10 ECTS):** | Díríonn an modúl seo ar mhúnlaí rialála agus polasaí an dea-chleachtais, ar an dea-chleachtas i gcur chun cinn na litearthachta do chách agus ar fhorbairt pobail foghlama Ghaeilge-bhunaithe. Cuirfear béim faoi leith ar an tslí a dtuigtear agus a gcuirtear na cleachtais sin ar fad i bhfeidhm i gcomhthéacsanna scoile Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. |
| **Modúl 3: An teagasc agus an fhoghlaim i suíomhanna scoile lán-Ghaeilge agus Gaeltachta (10 ECTS):** | Cuirtear béim sa mhodúl seo ar chuir chuige theoiriciúla agus oideolaíocha don sealbhú teanga agus d'fhorbairt na litearthachta i gcomhthéacsanna tumoideachais. Tá an gaol idir teangacha difriúla agus idir scileanna teanga difriúla lárnach sa mhodúl. Déantar iniúchadh sa ghné oideolaíoch den mhodúl ar chuir chuige foghlama agus teagaisc a chuireann leis an bhforbairt teanga. |
| **Modúl 4: An cleachtas pleanála agus measúnaithe (10 ECTS):** | Sa mhodúl seo, déanfaidh na rannpháirtithe anailís ar an tslí le measúnú a úsáid don phleanáil agus chun feabhas a chur ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim ag leibhéal ranga agus scoile. Cuirfear béim ar thimpeallacht ionchuimsitheach foghlama a chruthú, ar chur chun cinn na Gaeilge don ghnáthchumarsáid, agus ar fhorbairt scileanna teanga, litearthachta agus uimhearthachta ar bhonn inmharthana. |
| **Modúl 5: An cheannasaíocht agus an bhainistíocht (10 ECTS):** | Déanfaidh na rannpháirtithe iniúchadh ar an gceannasaíocht agus ar an mbainistíocht scoile éifeachtach sa mhodúl seo, le béim faoi leith ar an ionchuimsitheacht agus ar an gcothromas, agus conas iad sin ar fad a chur i bhfeidhm i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Cuirfear léargas ar fáil ar bheartais náisiúnta agus a róil i bhfeabhsúchán scoile agus san fhéinmheastóireacht scoile. |
| **Modúl 6: Múinteoirí lán-Ghaeilge agus Gaeltachta mar thaighdeoirí (10 ECTS):** | Bíodh is go gcuirtear béim ar an taighde sna modúil ar fad, is sainmhodúl taighde atá sa mhodúl seo. Cuirfear léargas criticiúil ar fáil ar mhodheolaíochtaí taighde, ar scoláireacht an |

| | |
|---|---|
| | teagaisc agus na foghlama agus ar an litearthacht acadúil sa Ghaeilge. Tá nasc ag an modúl seo leis an tráchtas a dhéanfar i mbliain a dó agus téann na rannpháirtithe i ngleic leis an eolas agus leis na scileanna a bheidh uatha agus iad ag tabhairt faoin tráchtas. |
| **BLIAIN 2** | |
| **Modúl 7: Inniúlacht teanga sa Ghaeilge (10 ECTS):** | Dírítear sa mhodúl seo ar fhorbairt inniúlacht teanga rannpháirtithe go dtí leibhéal C1 ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach (.i. an CEFR). Is ionann pas sa mhodúl seo agus fianaise go bhfuil inniúlacht teanga ag leibhéal C1 ar an CEFR ag an rannpháirtí sna scileanna teanga ar fad sa Ghaeilge. Síos tríd an modúl, cuirfear béim ar an gcruinneas agus ar an bhfeasacht teanga. |
| **Modúl 8: An tráchtas (30 ECTS):** | Tógann an modúl seo ar Mhodúl 6 agus tugann sé an deis do rannpháirtithe tabhairt faoi ghrinnIniúchadh, i gcomhairle leis an stiúrthóir tráchtais, ar ghné éigin den oideachas lán-Ghaeilge agus/nó Gaeltachta. Raghaidh na rannpháirtithe i ngleic ar bhonn criticiúil anailíseach le ceisteanna taighde agus cruthóidh siad píosa taighde a chuireann leis an stór eolais sa réimse léinn. |

## 3.4 Creidiúintí Acadúla

Is éard atá sa Chóras Eorpach Aistrithe Creidmheasa (ECTS) ná córas a léiríonn ualach oibre na mac léinn atá riachtanach chun cuspóirí sonraithe cláir staidéir a bhaint amach. Is ionann an líon ECTS a bhainean leis an modúl agus tomhas ar ionchur nó ualach oibre an mhic léinn a theastaíonn don mhodúl sin, bunaithe ar líon na n-uaireanta teagmhála (e.g. léachtaí, seimineáir, ceardlanna, stiúrthóireacht taighde), líon agus fad na measúnuithe – idir mheasúnuithe scríofa agus chuir i láthair ó bhéal, ullmhúchán do na ranganna agus am staidéir, agus scrúduithe. Níl nasc díreach ann idir líon creidiúintí an mhodúil agus a leibhéal deacrachta.

Cuireann mic léinn sé mhodúl múinte i gcrích i mBliain 1 (is ionann gach modúl agus 10

ECTS). I mBliain 2, cuireann siad modúl múinte amháin (10 ECTS) i gcrích chomh maith leis an tráchtas (30 ECTS). Tá 100 ECTS le baint amach ag mic léinn leis an M.Oid. a chur i gcrích, dáilte mar seo a leanas:

| Comhpháirt | ECTS | Iarracht iomlán na Mac Léinn (Uaireanta) |
|---|---|---|
| **Modúl 1: An tumoideachas agus an dátheangachas** | 10 | 250 |
| **Modúl 2: An dea-chleachtas i suíomhanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge** | 10 | 250 |
| **Modúl 3: An teagasc agus an fhoghlaim i suíomhanna scoile lán-Ghaeilge agus Gaeltachta** | 10 | 250 |
| **Modúl 4: An cleachtas pleanála agus measúnaithe** | 10 | 250 |
| **Modúl 5: An cheannasaíocht agus an bhainistíocht** | 10 | 250 |
| **Modúl 6: Múinteoirí lán-Ghaeilge agus Gaeltachta mar thaighdeoirí** | 10 | 250 |
| **Modúl 7: Inniúlacht teanga sa Ghaeilge** | 10 | 250 |
| **Iomlán don Chomhpháirt Mhúinte** | **70** | **1,750** |
| **An Tráchtas** | 30 | 600 |
| **Iomlán** | **100** | **2,350** |

## 3.5 Tinreamh agus Asláithreachtaí

Ní mór do mhic léinn freastal ar gach modúl múinte agus páirt iomlán a ghlacadh iontu. Má fhreastalaíonn mac léinn ar níos lú ná 70 % de mhodúl múinte, aithneofar ag Cúirt Bhliantúil na Scrúdaitheoirí go raibh tinreamh "neamhshásúil" ag an mac léinn don mhodúl sin. Chun tabhairt faoin tráchtas, nó a bheith incháilithe chun go mbronnfaí an Dioplóma Iarchéime, ní mór do mhac léinn creidiúintí a chomhlíonadh don bhliain acadúil trí fhreastal ar léachtaí agus tríd an obair chúrsa riachtanach nó tascanna ainmnithe eile a chríochnú go rathúil (i.e. grád "Pas" ar a laghad a bhaint amach).

D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar mhac léinn atá as láthair ón gcúrsa de bharr breoiteachta, teastas leighis a chur faoi bhráid na hoifige M.Oid. laistigh de sheachtain amháin tar éis na hasláithreachta.

## 3.6 Ranganna Teagaisc agus Tacaíocht Teanga

Bíonn rang teagaisc ar siúl gach seachtain le linn an téarma ina ndírítear ar shaincheisteanna teanga. Chomh maith leis sin, díreofar ar ullmhúchán do na scrúduithe teanga C1 i Modúl 7, a bheidh ar siúl i mBliain 2. Bíonn cur chuige comhtháithe in úsáid ag gach léachtóir ar an gcúrsa, agus cuirtear béim ar fhorbairt na scileanna teanga go léir mar chuid de gach modúl ar an gcúrsa. Chomh maith leis sin, bíonn fáil ag rannpháirtithe ar chúrsa gramadaí *Gramadach gan Stró* ar líne (tabharfar tuilleadh eolais do mhic léinn air seo ag an lá ionduchtaithe).

Tá sé éigeanteach freastal ar na ranganna teagaisc agus déanfar taifead ar an tinreamh gach seachtain.

## 3.7 Scoil Fómhair

Beidh an Scoil Fómhair ar siúl ón 28 Deireadh Fómhair – 2 Samhain 2024 agus is i gColáiste na Rinne, Co. Phort Láirge a bheidh sí ar siúl. Cuirfear lóistín agus cothabháil ar fáil (i gColáiste na Rinne) saor in aisce do na rannpháirtithe don Scoil Fómhair. Fágtar faoi mhic léinn modh taistil a eagrú chuig an Scoil Fómhair.

Tá sé riachtanach freastal ar an Scoil Fómhair ina hiomláine.

## 3.8 Sceideal An Chúrsa

Tá fáil ar an sceideal ar shuíomh gréasáin an chúrsa.

## 3.9 Aiseolas ar an gCúrsa

Cuirimid an-fháilte roimh aiseolas ar an gCúrsa. Bíonn tuairimí na mac léinn ina bhfoinse shaibhir aiseolais agus ligfidh siad dúinn feabhas a chur ar an gclár amach anseo. Déantar gach modúl a mheas ar fhoirm chaighdeánach ar bhealach anaithnid.

## 3.10 Ionadaí Ranga


Déanfar ionadaí ranga a thoghadh ag tús an chéad téarma. An ról atá ag an ionadaí ranga ná tuairimí an ghrúpa a chur in iúl d’fhoireann an Chláir agus ag cruinnithe de chuid Bhord an Chláir, ina bpléitear cúrsaí ginearálta a bhaineann leis an gcúrsa. Ní chuireann an ról seo bac ar aon bhealach ar mhic léinn eile aon ábhar a bhaineann leis an gclár a phlé le Comhordaitheoir an Chláir.

### 3.11 Bliain 2 agus An Tráchtas

Cuirfear lámhleabhar eile ar fáil i mBliain 2 ina gclúdófar an tráchtas 15,000 focal. Beidh togra taighde á scríobh ag mic léinn mar chuid de Mhodúl 6, agus beidh sé sin ina bhunús don tráchtas i mBliain 2.

### 3.12 Blackboard

Beidh an t-ábhar ar fad a bheidh ag teastáil don mhodúl ar fáil ar Blackboard. Is féidir an clár ar thaobh an leathanaigh a úsáid chun ábhar a aimsiú (féach an treoir thíos):




| | |
|---|---|
| | **Fógraí**: bíonn aon fhógra nua ón léachtóir/teagascóir le feiceáil anseo. |
| | **Eolas faoin modúl**: cuirtear achoimre ar an modúl, sceideal na ranganna, spriocdhátaí do mheasúnuithe agus sonraí teagmhála an léachtóra ar fáil anseo. |
| | **Seisiúin:** cuirtear eolas faoi rang na seachtaine ar fáil anseo chomh maith leis na sleamhnáin agus naisc ábhartha (e.g. nasc chuig páipéar, nó nasc chuig rang ar líne). |
| | **Measúnú: treoir:** tugtar treoir anseo maidir leis an measúnú a chur le chéile agus a chur isteach. |
| | **Measúnú: uaslódáil:** is féidir leat an measúnú a uaslódáil anseo agus gheobhaidh tú aiseolas agus an grád anseo chomh maith. |

# 4. Measúnú ar an bhFoghlaim

### 4.1 Rialacháin Mheasúnaithe

Tá roinnt gnéithe de na rialacháin seo a leanas ceaptha don M.Oid san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, ach tagraíonn siad den chuid is mó do Chuid III d'fhéilire 2024-2025 don Léann Iarchéime agus d'Ardchéimeanna ag https://www.tcd.ie/calendar/graduate-studies-higher-degrees/complete-part-III.pdf:

1. Beidh marc deiridh an chláir bunaithe ar mheán ualaithe de réir ECTS den mharc a bronnadh i ngach modúl;

2. Is é 50% agus os a chionn pasmharc an chúrsa seo;

3. Ní mór do mhic léinn creidiúintí a fháil do gach bliain acadúil den chúrsa páirtaimseartha seo trí gach riachtanas cúrsa a chomhlíonadh go sásúil. I mBliain 1, ní mór do mhic léinn pas a fháil i ngach modúl 10 ECTS (60 creidiúint san iomlán). I mBliain 2, ní mór do mhic léinn 40 creidiúint a ghnóthú: modúl múinte 10 ECTS agus 30 ECTS taighde;

4. Le bheith incáilithe don Mháistreacht, ní mór do mhic léinn, ar a laghad:

    I. pasmharc foriomlán a bhaint amach, arb ionann é go hiondúil agus an meánmharc – ualaithe de réir creidiúintí – do na modúil múinte uilig.

    II. pasmharc a bhaint amach i ngach modúl; agus

    III. pasmharc a bhaint amach sa tráchtas; agus

    IV. pasmharc a bhaint amach in Inniúlacht na Gaeilge (Modúl 7).

5. Déanann an Chúirt Scrúdaitheoirí marcanna modúil a mheas ag deireadh gach bliana agus cuirfear na torthaí ar aghaidh chuig an gClárlann Acadúil, áit a gcuirfear isteach in SITS iad. Cinntear na torthaí deiridh ag cruinniú deiridh na Cúirte Scrúdaitheoirí ag deireadh Bhliain 2 le hionchur an scrúdaitheora sheachtraigh;

6. Is féidir le mic léinn nach n-éiríonn leo pas a fháil i modúil mhúinte aonair scrúdú forlíontach a dhéanamh, nó measúnuithe an mhodúil a chur isteach arís. Ní féidir a leithéid a dhéanamh ach i dtrí chinn de mhodúil an chúrsa ar a mhéad (dhá mhodúl i mBliain 1 ar a mhéad, agus modúl amháin i mBliain 2 ar a mhéad). Muna n-éiríonn le mac léinn sa phróiseas athmheasúnaithe, measfar gur theip ar an mac léinn agus féadfaidh sé/sí cead a iarraidh ó Scoil an Oideachais chun an modúl a athdhéanamh;

7. Féadfaidh mic léinn a bhaineann 30 ECTS ar a laghad amach i mBliain 1 (trí phas a fháil i dtrí mhodúl múinte ar a laghad), agus a bhaineann níos lú ná 60 ECTS amach, imeacht ón gcúrsa le Teastas Iarchéime;

8. Féadfaidh mic léinn a bhaineann 60 ECTS amach i mBliain 1 (trí phas a fháil i sé modúl múinte) imeacht ón gcúrsa le Dioplóma Iarchéime mura bhfuil siad ag dul ar aghaidh go Bliain 2, nó mura bhfuil Bliain 2 críochnaithe go rathúil acu;

9. Níl mic léinn a fhágann an cúrsa le Dioplóma Iarchéime i dteideal Teastas Iarchéime a fháil;

10. Ní fhéadfaidh mic léinn a fhágann an cúrsa le Teastas Iarchéime nó Dioplóma Iarchéime de dheasca teipe filleadh ar an gcúrsa Máistreachta ag dáta níos déanaí chun é a chur i gcrích;

11. Measfar gur theip ar mhic léinn ar an gcúrsa Máistreachta nach mbaineann pasmharc amach i modúl an tráchtais (30 ECTS). Féadfaidh mic léinn sa chás sin cead a iarraidh ó Scoil an Oideachais an tráchtas a athdhéanamh. Muna dtugtar cead nó más fearr leis an mac léinn, féadfaidh siad imeacht ón gcúrsa le Dioplóma Iarchéime;

12. Measfar gur theip ar mhic léinn ar an gcúrsa Máistreachta a bhaineann amach pasmharc sa tráchtas, ach nach n-éiríonn leo pasmharc a bhaint amach sa mhodúl inniúlachta Gaeilge (Modúl 7). Is féidir leo cead a lorg ó Scoil an Oideachais Modúl 7 a athdhéanamh; Muna dtugtar cead nó más fearr leis an mac léinn, féadfaidh siad imeacht ón gcúrsa le Dioplóma Iarchéime;

13. Chun Máistreacht le Gradam a bhaint amach, ní mór nár theip ar mhic léinn le linn na tréimhse staidéir agus ní mór dóibh, ar a laghad, (i) marc 70 % ar a laghad a bhaint amach sa tráchtas agus (ii) marc 70 % ar a laghad a bhaint amach sa mhodúl Inniúlachta Gaeilge (Modúl 7), agus (iii) 68 % ar a laghad a bhaint amach mar mheánmharc foriomlán neamhchothromaithe do mhodúil Bhliain 1, agus 70% a bhaint amach i dtrí cinn de na modúil sin ar a laghad;

14. Chun Dioplóma Iarchéime le Gradam a bhaint amach, ní mór nár theip ar mhic léinn in aon mheasúnú i modúil múinte Bhliain 1 a bhí acu le linn na tréimhse staidéir agus ní mór dóibh, ar a laghad, (i) 68 % ar a laghad a bhaint amach sa mheánmharc foriomlán atá ualaithe de réir ECTS agus (ii) marc íosta 70 % a bhaint amach in, ar laghad, leath de na modúil mhúinte Bhliain 1 atá riachtanacha chun an Dioplóma Iarchéime a bhronnadh;

15. Chun Teastas Iarchéime le Gradam a bhaint amach, ní mór nár theip ar mhic léinn in aon mheasúnú i modúil mhúinte Bhliain 1 a bhí acu le linn na tréimhse staidéir agus ní mór dóibh, ar a laghad, (i) 68 % ar a laghad a bhaint amach sa mheánmharc foriomlán atá ualaithe de réir ECTS agus (ii) marc íosta 70 % a bhaint amach in, ar laghad, leath de na modúil mhúinte Bhliain 1 atá riachtanacha chun an Teastas Iarchéime a bhronnadh;

16. Foilsítear torthaí uile an scrúdaithe iarchéime go hanaithnid faoi uimhir chláraithe mic léinn;

17. Bronnfar an cháilíocht laistigh den ghrád, nuair is cuí, ar mhic léinn a n-éireoidh leo a gclár a chríochnú.

18. Athmheasúnú forlíontach/scrúduithe forlíontacha:

I. Níl aon chúiteamh ceadaithe thar mhodúil ná thar chomhpháirteanna measúnaithe laistigh de mhodúil;

II. Féadfaidh mic léinn nach n-éiríonn leo 50 % ar a laghad a bhaint amach i measúnú é a chur isteach arís. Sa chás sin, an dáta deiridh leis an measúnú a chur isteach ná mí amháin i ndiaidh dáta foilsithe na dtorthaí;

III. Ní cheadófar do mhic léinn measúnú a athdhéanamh ach uair amháin, agus is é 50% an t-uasmharc a bhronnfar ar an measúnú a chuirtear isteach arís;

IV. Ní féidir le mic léinn nach n-éiríonn leo pas a fháil sa phróiseas athmheasúnaithe dul ar aghaidh go Bliain 2 ná imeacht ón gcúrsa le Dioplóma Iarchéime. Mar sin féin, féadfaidh siad imeacht ón gcúrsa le Teastas Iarchéime ar an gcoinníoll go mbaineann siad pas amach i dtrí mhodúl (30 ECTS ar an iomlán). Is féidir leo, chomh maith, cead a lorg ó Scoil an Oideachais chun an cúrsa a athdhéanamh.

## 4.2 Modhanna Measúnaithe

Pléifidh comhordaitheoir an mhodúil na measúnuithe a bheidh le déanamh dá m(h)odúl. D'fhéadfadh na cineálacha measúnaithe seo a leanas a bheith san áireamh:

- Punann foghlama
- Podchraoltaí
- Féinmhachnamh criticiúil
- Micritheagasc
- Cur i láthair
- Obair ghrúpa
- Tuairiscí scríofa ar thaighde
- Scrúduithe cainte agus scríofa (Modúl 7)

## 4.3 Critéir Mheasúnaithe

Cuirtear na critéir seo a leanas san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar shaothar:

- An leibhéal tuisceana atá ag mac léinn ar an litríocht nó ar an ábhar;

- An chaoi a gcuirtear an litríocht i láthair agus caighdeán na hanailíse a dhéantar ar an litríocht;
- An bhaint atá ag an saothar le teoiricí oideachais agus/nó leis an gcleachtas;
- Caighdeán na gconclúidí agus/nó na dtorthaí;
- Caighdeán na moltaí agus/nó na n-impleachtaí;
- Struchtúr agus cur i láthair: leagan amach ginearálta, ailíniú leis nósmhaireachtaí acadúla, cúrsaí teanga.

Cuirtear rúibric ar fáil sa sainmhínitheoir a bhaineann le gach modúl, ina mínítear na critéir ratha a bhaineann le measúnuithe an mhodúil.

## 4.4 Obair Chúrsa a chur isteach

Cuirtear obair chúrsa isteach trí Blackboard. Cuirfear tuairisc Turnitin ar fáil do gach píosa oibre scríofa. Ní mór measúnuithe scríofa a chlóscríobh.

Má tharlaíonn sé go bhfuil síneadh ama ag teastáil uait, ní mór cead a lorg ó chomhordaitheoir an mhodúil. Tabhair faoi deara go mbainfear 10% den mharc deiridh - síos chomh fada leis an bpasmharc (50%) – má chuirtear obair chúrsa isteach déanach gan síneadh ama a lorg roimh ré.

Nuair is cuí, is féidir le mic léinn samplaí ábhartha ó chleachtas gairmiúil nó taithí ghairmiúil a úsáid chun tacú lena n-argóint agus chun a gcumas a léiriú an teoiric a nascadh leis an gcleachtas. Níor cheart, áfach, aon sonraí inaitheanta nó pearsanta a thuairisciú (e.g. ainm scoile, eagraíochta, socrú oibre, ainm dalta, tuismitheora nó gairmí). Ba cheart tagairtí cruinne a dhéanamh d’obair fhoilsithe agus neamhfhoilsithe daoine eile chun bradaíl a sheachaint.

Cuirtear aiseolas ar thascanna ar fáil i bhfoirm nótaí tráchta i scríbhinn. Tá sé mar aidhm ag an Scoil an grád sealadach a chur ar fáil laistigh de thréimhse sé seachtaine (tríocha lá oibre) ón uair a gcuirtear tasc isteach, ach amháin má thugtar dáta eile le haghaidh aiseolais do mhic léinn nuair a chuirtear tascanna isteach. Is grád sealadach é aon ghrád a chuireann léachtóir nó teagascóir ar fáil go dtí go ndéantar é a fhaomhadh ag an gCúirt Scrúdaitheoirí.

## 4.5 Scríbhneoireacht Acadúil

Cuirtear leabhrán ar fáil maidir leis an scríbhneoireacht acadúil sa chéad téarma.

## 4.6 Bradaíl agus polasaí maidir le húsáid na teicneolaíochta

Ba chóir do mhic léinn a bheith ar an eolas faoi pholasaí na hOllscoile maidir le bradaíl. Tá rialachán an Choláiste maidir le bradaíl ar fáil anseo: https://www.tcd.ie/teaching-learning/academic-policies/assets/plagiarism-mar2020.pdf .

**Polasaí maidir le húsáid na teicneolaíochta**

Ní mór do rannpháirtithe M.Oid. a thaispeáint go bhfuil siad tar éis na torthaí foghlama a bhaineann le gach modúl – agus leis an gcúrsa ina iomláine – a bhaint amach sna measúnuithe a chuireann siad isteach.

Mar rannpháirtí M.Oid. agus mar údar, tá tú freagrach as substaint an mheasúnaithe. Caithfear a chinntiú:

- Gur leatsa bunsmaointe agus coincheapadh an phíosa oibre;
- Gur tusa a scríobh nó a chuir le chéile ábhar an mheasúnaithe;
- Gur tusa atá freagrach as cruinneas an eolais a chuirtear i láthair san aiste agus as iontaoibh na hoibre;
- Go bhfuil máistreacht agat ar na scileanna teanga atá riachtanach don chlár seo.

**An ról atá ag uirlisí teicneolaíochta, uirlisí ISG san áireamh.**

D'fhéadfadh ról tacaíochta a bheith ag teicneolaíochtaí, uirlisí Intleachta Saorga Giniúnaí (ISG) san áireamh e.g. ChatGPT nó a leithéid, agus obair chúrsa á cur i gcrích ag rannpháirtithe M.Oid. Caitear le huirlis ISG ar an mbealach céanna is a chaitear le piara le linn seisiún piarmheasúnaithe: is féidir do smaointe agus do shaothar a phlé leis an uirlis ISG, ach ní mór a chinntiú gur leatsa an obair ar fad a chuireann tú isteach. Tá an polasaí seo ailínithe le polasaí de chuid an Dr David Joyner ag ollscoil Georgia Tech (Smith, 2023).

Mar sin, níl cead uirlisí ISG a úsáid nuair nach dtugtar cead sonrach é a úsáid ná ar bhealach a fhágann nach leatsa an obair shubstainteach a bhaineann le concheapadh agus scríobh na haiste (nó cur le chéile podchraoltaí, físeán, cur i láthair etc), agus mar sin, nach féidir le meastóirí meastóireacht a dhéanamh ar bhaint amach na dtorthaí foghlama.

Ar an mbonn sin, níl cead comhráite a bhíonn agat le huirlis ISG – ná aon chuid díobh – a chóipéail isteach i d'aiste/do mheasúnú. Breathnaítear ar chomhrá le huirlis ISG mar eispéireas foghlama (féideartha), seachas mar uirlis scríbhneoireachta.

Freagraíochtaí ginearálta

Áit a mbíonn comhrá agat le huirlis ISG, ní mór:

- Go leor tuisceana a bheith agat chun meastóireacht a dhéanamh ar chruinneas an eolais a ghineann uirlisí ISG.  Moltar go láidir úsáid a bhaint as uirlis ISG a luann an fhoinse eolais a úsáideann sí (e.g. Perplexity) in ionad uirlise nach luann an fhoinse (e.g. Chat GPT), le gur féidir an bhunfhoinse a léamh agus a thuiscint.
- Anailís chriticiúil a dhéanamh ar aschur ó uirlisí ISG, os rud é go mbíonn claontaí sna freagraí a thugann uirlisí ISG go minic.

Cuirtear samplaí ar fáil sa tábla thíos de na freagrachtaí atá ort mar údar aiste agus den chineál úsáide gur féidir a bhaint as uirlisí teicneolaíochta, uirlisí ISG san áireamh.

Uirlisí aistriúcháin

Os rud é go bhfuil forbairt ar an gcumas teanga i gcroílár an chúrsa seo, níl cead uirlisí aistriúcháin a úsáid le téacs a ghiniúint do mheasúnú.

| **Cur síos ar an ról** | **Mar údar, tá tú freagrach as substaint na haiste** | **D'fhéadfadh ról tacaíochta a bheith ag uirlisí ISG** |
|---|---|---|
| | **Freagrachtaí samplacha :**<br><br>**Rannpháirtí M.Oid.** | **Féidearthachtaí:**<br><br>**Uirlisí ISG** |
| **Coincheapú** | Anailís ar chomhthéacs teanga agus oideachais na ndaltaí agus ar do chleachtas féin. Bearna a aithint más cuí. | |
| | Anailís a dhéanamh ar an litríocht a bhaineann leis an réimse taighde, agus meastóireacht a dhéanamh ar chaighdeán na fianaise a chuirtear ar fáil sa litríocht. | Seiceáil nach bhfuil aon fhoinsí litríochta fágtha ar lár.<br><br>Nóta: tá sé an-tábhachtach go bhfuil tuiscint chriticiúil agat ar mhodheolaíochtaí agus torthaí aon taighde a luann tú. Mar sin, má aimsítear foinsí nua le huirlis ISG, ní mór iad a leámh agus anailís a dhéanamh orthu tú féin. |
| | Tuiscint ar an gcineál gníomhaíochta, measúnaithe nó straitéisí teagaisc atá ag teastáil, bunaithe ar thuiscint ar an gcomhthéacs oideachais agus anailís ar an litríocht. | Samplaí a lorg maidir le gníomhaíocht/straitéisí/acmhainní a d'fhéadfaí a úsáid le do sprioc oideolaíochta a bhaint amach. |
| **Dréachtú agus eagarthóireachta** | Leagan amach na haiste/an mheasúnaithe a dhearadh | Aiseolas a lorg ar leagan amach an aiste |
| | An aiste a scríobh/an measúnú a | Aiseolas a lorg ar an aiste. |

| | | |
|---|---|---|
| | chur le chéile | |
| | Eagarthóireacht a dhéanamh ar an aiste/saothar. | |
| **Sláine acadúil a dheimhniú** | A chinntiú go bhfuil an t-eolas a chuirtear ar fáil san aiste cruinn | |
| | A chinntiú go bhfuil tagairt déanta agat d'fhoinsí acadúla ar baineadh úsáid astu | |
| | A chinntiú go bhfuil na tagairtí ar fad cruinn | |
| **Teanga** | A thaispeáint go bhfuil máistreacht agat ar na scileanna teanga ar fad | Eolas nó aiseolas a lorg maidir le ceisteanna teanga. |
| | Leibhéal sásúil cruinnis a thaispeáint | |

**Má bhaineann tú úsáid as uirlis ISG, ní mór ráiteas a scríobh ag tús an mheasúnaithe ina gcuirtear an méid seo a leanas in iúl:**

- Cén uirlis a d'úsáid tú;
- Cad chuige ar úsáid tú í? (na feidhmeanna a lua);
- Cad í an leid a chuir tú isteach (más cuí)?
- Cad a rinne tú leis an eolas a thug an uirlis duit?

**Má tá amhras ar an meastóir faoi úsáid na teicneolaíochta, d'fhéadfadh go n-iarrfaí ar an rannpháirtí**

- Viva voce a dhéanamh, i gcás go mbítear den tuairim gur baineadh úsáid as teicneolaíocht ar bhealach a fhágann nach leis an rannpháirtí substaint na hoibre ina hiomláine, agus mar sin go bhfuil seans ann nach bhfuil na torthaí measúnaithe bainte amach ag an rannpháirtí.
- Sampla scríbhneoireachta a scríobh, sa chás go bhfuil amhras ann faoi úsáid teicneolaíochtaí meaisínaistriúcháin nó úsáid ISG chun crích teanga.

**Tagairt**

Smith, E. (2023, Meitheamh 15). *New Policies Navigate Role of AI Assistants in CS Courses*. Georgia Tech College of Computing. https://www.cc.gatech.edu/news/new-policies-navigate-role-ai-assistants-cs-courses

## 4.7 Athsheiceáil agus Achomhairc

Tá sé de cheart ag gach mac léinn a dtorthaí acadúla a phlé leis an mball/na baill foirne chuí. Ní féidir gráid deiridh a phlé le mic léinn go dtí go bhfoilseofar na torthaí a dheimhnítear ag an gCúirt Scrúdaitheoirí. Tá na rialacháin maidir le hathsheiceáil ar thorthaí leagtha amach i bhFéilire an Choláiste (Cuid III).

Ba chóir do mhic léinn ar mian leo achomharc a dhéanamh ar thorthaí é sin a dhéanamh, ar an gcéad dul síos, i scríbhinn chuig Comhordaitheoir an M.Oid. Ba cheart na forais le hachomharc acadúil a shonrú go soiléir agus ba cheart fianaise dhoiciméadach a bheith mar thaca leo nuair is gá. Pléifidh an Comhordaitheoir an cás leis na páirtithe ábhartha agus déanfar iarracht réiteach a fháil. Mura mbíonn réiteach sásúil ann, is féidir le mac léinn an cás a chur faoi bhráid Choiste Achomhairc Iarchéime na Scoile. Tá sé de cheart ag mic léinn cinntí Choiste Achomhairc Iarchéime na Scoile a achomharc chuig Déan an Léinn Iarchéime, agus ina dhiaidh sin chuig an gCoiste Achomhairc Acadúil do Mhic Léinn Iarchéime (Múinte). Ní phléifidh an Coiste seo le hachomharc den sórt sin ach amháin sna cásanna seo a leanas:

1. Níl an cás clúdaithe faoi ghnáth-rialacháin an Choláiste;
2. Creideann an mac léinn nár cuireadh rialacháin an Choláiste i bhfeidhm go cuí;
3. Is achomharc *ad misericordiam* é.

Ní féidir leis an mac léinn achomharc a dhéanamh atá i gcoinne ghnáthchur i bhfeidhm rialacháin acadúla an Choláiste, seachas ar fhorais *ad misericordiam*. Ní mór a nótáil nach féidir le coiste achomhairc ar bith cinneadh acadúil na scrúdaitheoirí ar an obair a chur ar neamhní: ní fhéadfar ach athruithe a bhaineann le nósanna imeachta a mholadh (Féilire an Choláiste, Cuid III).

## 4.8 Sceideal Measúnaithe na bliana

Cuirfear sceideal ar fáil ag tús na bliana acadúla.

## 4.9 Acmhainní Úsáideacha

Moltar do mhic léinn úsáid a bhaint as Microsoft Word ina bhfuil litreoir Gaeilge ar fáil.
Bíonn rochtain ar aipeanna de chuid Microsoft ag mic léinn (tuilleadh eolais ar fáil anseo: https://www.tcd.ie/itservices/our-services/microsoft-365-apps-for-students/).

Tá eolas maidir leis an mbealach chun socruithe teanga a athrú ar fáil anseo: [https://support.microsoft.com/en-us/office/add-an-editing-or-authoring-language-or-set-language-preferences-in-office-663d9d94-ca99-4a0d-973e-7c4a6b8a827d](https://support.microsoft.com/en-us/office/add-an-editing-or-authoring-language-or-set-language-preferences-in-office-663d9d94-ca99-4a0d-973e-7c4a6b8a827d)

**Foclóirí**

**Foclóir.ie:** Is foclóir Béarla-Gaeilge é seo. Tá bunachar mór frásaí agus abairtí ann, agus tá comhaid fuaime sna mórchanúintí nasctha le cuid mhaith de na hiontrálacha.


**Teanglann.ie:** Tá foclóir Gaeilge-Béarla (Ó Dónaill, 1977) agus foclóir Béarla-Gaeilge (de Bhaldraithe, 1959) ar fáil ar an suíomh seo, chomh maith le foclóir aonteangach Gaeilge (Ó Dónaill & Ua Maoileoin, 1991). Is é Foras na Gaeilge a chuireann foclóir.ie agus teanglann.ie ar fáil.

**Téarma.ie:** Is foclóir Béarla-Gaeilge é seo. Is é seo an áit is fearr le saintéarmaíocht, téarmaíocht theicniúil agus téarmaí nua a aimsiú. Is féidir ceist téarmaíochta a árdú chomh maith (https://www.tearma.ie/ceist/), muna bhfuil téarma ar fáil mar shampla, agus pléifidh an Choiste Téarmaíochta é. Tá an suíomh seo á bhainistiú ag grúpa taighde Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge (DCU) i gcomhar leis an gCoiste Téarmaíochta, Foras na Gaeilge.


**Gramadach**

**An Caighdeán Oifigiúil:** tá an leagan is déanaí den Chaighdeán Oifigiúil ar fáil anseo. **Nóta:** *glacfar le leaganacha malartacha nó leaganacha canúnacha sna measúnuithe chomh maith.*

**Teanglann.ie:** Cuirtear eolas gramadaí ar fáil (e.g. ainmfhocail agus aidiachtaí sa tuiseal ginideach, briathra sna haimsirí éagsúla) sa táb ar bharr an leathanaigh dar teideal *Gramadach*. Chomh maith leis sin, cuireann uirlis darb ainm an *Draoi Gramadaí* aonaid (ainmfhocal + aidiacht) sa tuiseal ainmneach agus sa tuiseal ginideach ar fáil (sampla thíos).



An Gramadóir: Is seiceálaí gramadaí é seo a d'fhorbair an tOllamh Kevin Scannell. Tá sé ar fáil ar líne agus is féidir é a íoslódáil ar an ríomhaire chomh maith. Tá sampla




thíos.

Aistear.ie: Tá bunachar iontrálacha ar an suíomh seo ina bpléitear ceisteanna gramadaí (e.g. má agus dá a úsáid mar is ceart), ceisteanna brí (e.g. scéal nó scéala a úsáid) agus ceisteanna stíle. Is é Antain Mac Lochlainn eagarthóir an tsuímh seo.

**Tagairtí**

**Stíl APA 7:** Baintear úsáid as stíl APA 7 in obair chúrsa an M.Oid. Tá treoirlínte na stíle ar fáil anseo: https://apastyle.apa.org/style-grammar-guidelines.

**EndNote:** Cuirtear bogearra EndNote ar fáil saor in aisce do mhic léinn Choláiste na Tríonóide. Ligeann EndNote don úsáideoir tagairtí a choinneáil in aon áit amháin agus leabharliosta a chruthú go héasca. Is féidir Endnote a íoslódáil anseo: https://www.tcd.ie/library/support/endnote/download.php. Tá treoir maidir lena úsáid ar fáil anseo: https://www.tcd.ie/library/support/endnote/

**Google Scholar:** Cuirtear tagairtí ar fáil ar shuíomh Google Scholar chomh maith (sampla thíos). Caithfear a sheiceáil, áfach, go bhfuil an tagairt cruinn agus go bhfuil an t-eolas ar fad atá ag teastáil sa tagairt.

[PDF] Bilingual/**immersion education**: What the research tells us — [PDF] academia.edu

S May - Encyclopedia of language and **education**, 2008 - academia.edu

… findings about bilingual/**immersion education** and the related … of what constitutes an effective **educational** approach for bilingual … bilingual/**immersion education** remain commonplace. …

☆ Save ⁹⁹ Cite Cited by 204 Related articles All 2 versions ≫

**Immersion education** in the early years: A special issue — [PDF] tandfonline.com

TM Hickey, AM de Mejía - … Journal of Bilingual **Education** and …, 2014 - Taylor & Francis

… Early years' **immersion education** programmes can be either … policy concerns relating to **immersion education** in the early years. … The importance of training in **immersion** methodology for …

☆ Save ⁹⁹ Cite Cited by 66 Related articles All 4 versions

Two-way **immersion education**: Students learning through two languages — [PDF] jstor.org

D Christian - The Modern Language Journal, 1996 - Wiley Online Library

… In this article, the current state of two-way **immersion education** in the US will be described. The findings come from a study in which researchers collected information about two way …

☆ Save ⁹⁹ Cite Cited by 379 Related articles All 8 versions

# 5. Seirbhísí agus Saol an Choláiste

## 5.1 An Leabharlann

Cuireann an leabharlann réimse seirbhísí ar fáil do mhic léinn M.Oid. Bíonn cearta iomlána iasachtaíochta ag mic léinn agus bíonn rochtain acu ar acmhainní ar líne na hOllscoile. Bíonn turas ar leabharlanna Lecky agus Berkley ar fáil do gach úsáideoir nua. Tá sonraí iomlána maidir le huaireanta oscailte agus suíomh na mbailiúchán sa leabharlann ar fáil anseo: https://www.tcd.ie/library/using-library/. Tá leabharlannaí ar speisialtóir í san Oideachas, Geraldine Fitzgerald (fitzgey@tcd.ie), ar féidir léi cabhrú le mic léinn M.Oid.

Mar mhac léinn de chuid Choláiste na Tríonóide, is féidir leat cárta ALCID a fháil. Fágann cárta ALCID gur féidir staidéar a dhéanamh i leabharlanna in Ollscoileanna eile e.g. in Ollscoil na Gaillimhe, Ollscoil Luimnigh, Ollscoil Uladh. Tá tuilleadh eolais faoi scéim ALCID ar fáil anseo: https://www.tcd.ie/library/using-library/admissions/alcid-students.php.

## 5.2 Seirbhísí Míchumais na Tríonóide

Moltar do mhic léinn iarchéime atá faoi mhíchumas clárú leis na Seirbhísí Míchumais chun plean tacaíochta a phlé. I measc na dtacaíochtaí do mhic léinn iarchéime tá:

- Tacaíocht Acadúil
- Teicneolaíocht Chúnta
- Teiripe Shaothair
- Tacaíocht maidir le Socrúcháin agus Intéirneachtaí
- Ullmhúchán do scrúduithe Viva Voce

Is féidir iarratas a dhéanamh tríd an táb dar teideal 'My Disability Service' ar my.tcd.ie.

## 5.3 An tSeirbhís Chomhairleach Iarchéime (*Postgraduate Advisory Service*)

Cuireann an tSeirbhís Chomhairleach Iarchéime (SCP) réimse cuimsitheach tacaíochtaí acadúla, tréadacha agus gairmiúla ar fáil. Tá an SCP faoi stiúir an Oifigigh Tacaíochta Iarchéime a chuireann tacaíocht ar fáil do gach mac léinn iarchéime i gColáiste na Tríonóide. Is é an tOifigeach Tacaíochta Iarchéime an chéad phointe teagmhála mar fhoinse tacaíochta agus treorach.

Chomh maith leis sin, tá triúr ball foirne acadúla ag gach Dámh a cheaptar mar Chomhairleoirí Iarchéime agus is féidir leis an Oifigeach Tacaíochta Iarchéime tú a chur i dteagmháil leo chun cúnamh breise a fháil más gá. Tá sonraí teagmhála an Oifigigh Tacaíochta Iarchéime agus an Phainéil Chomhairligh ar fáil ag https://www.tcd.ie/seniortutor/students/postgraduate/

Tá an SCP ann lena chinntiú go bhfuil pointe teagmhála ag gach mac léinn iarchéime, áit ar féidir leo dul i muinín tacaíochta agus eolais ar sheirbhísí an Choláiste agus ar shaincheisteanna acadúla a d'fhéadfadh teacht chun cinn dóibh. Cuirtear comhairle ar fáil maidir le hachomhairc acadúla a eascraíonn as scrúduithe nó tráchtais, deacrachtaí le stiúrthóireacht taighde, eolas ginearálta ar shaol na mac léinn iarchéime, agus go leor ábhar eile. Má tá amhras ort, téigh i dteagmháil leis an SCP. Caithfear go rúnda le gach ceist. Chun tuilleadh eolais a fháil ar an méid a chuireann PAS ar fáil, féach ar a suíomh gréasáin.

## 5.4 Seirbhísí Tacaíochta

Cuireann Coláiste na Tríonóide seirbhísí ar fáil chun tacú le mic léinn. Is é suíomh gréasáin TCD an áit is fearr chun tuilleadh eolais a fháil orthu.

- **Seirbhísí comhairleachta do mhic léinn (Student Counselling Service):** is seirbhís í seo a chuirtear ar fáil saor in aisce go mhic léinn.
- **Niteline:** Is seirbhís éisteachta é seo atá ar an bhfód le 25 bliain, agus atá ar fáil do mhic léinn ó 9pm-2.30am.

## 5.5 Seirbhísí Tacaíochta Foghlama

**Seirbhísí Forbartha Foghlama do Mhic Léinn (Student Learning Development Services)**

Tá Seirbhísí Forbartha Foghlama do Mhic Léinn mar chuid den tSeirbhís Chomhairleoireachta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is é an ról atá acu cabhrú le mic léinn feabhas a chur ar a scileanna foghlama agus staidéir trí thacaíocht agus ceardlanna duine le duine a chur ar fáil. Is féidir leo comhairle a chur ar fáil maidir le: straitéisí scríbhneoireachta acadúla, scileanna staidéir agus scrúdaithe, bainistíocht ama, cuir i láthair, machnamh criticiúil agus tráchtas a scríobh.

Tuilleadh eolais ar fáil anseo: http://www.tcd.ie/Student-Counselling/student-learning/index.php

Cuireann **An tIonad um Chleachtas Acadúil (Centre for Academic Practice)** comhairle úsáideach ar fáil do mhic léinn iarchéime, agus tá sonraí faoina gcuid gníomhaíochtaí ar fáil ag: https://www.tcd.ie/academicpractice/

## 5.6 Seomra na Gaeilge

Is spás caidrimh agus comhrá do lucht na Gaeilge sa Choláiste é Seomra na Gaeilge. Bíonn nuachtáin agus foilseacháin i nGaeilge ar fáil sa seomra, mar aon le háiseanna tae agus caife. Bíonn an Seomra ar oscailt i rith an téarma acadúil, Luan go hAoine, idir 9.00rn agus 4.30in, agus beidh imeachtaí eile á reáchtáil ann freisin. Tá an Seomra lonnaithe i bhfoirgneamh an Phroinntí (Dining Hall), os cionn bhialann an Bhutraigh. Féach na treoracha sna pictiúir thíos.




## 5.7 An Cumann Gaelach

Bunaíodh Cumann Gaelach Choláiste na Tríonóide i 1906 agus tá sé ag fás ó shin. Tá sé mar chuspóir ag an gCumann deis agus ionad teagmhála a sholáthar dóibh siúd a bhfuil spéis acu an Ghaeilge a labhairt, a fheabhsú nó a fhoghlaim. Gach bliain eagraíonn an Cumann céilithe, grúpaí amhránaíochta, ranganna rince seite, bunranganna Gaeilge d'eachtrannaigh, agus deirí seachtaine as baile, agus reachtáiltear seachtain d'ócáidí cultúrtha gach bliain, Éigse na Tríonóide, agus tá sé seo i measc mhórócáidí na bliana. Tá an Cumann lonnaithe i Seomra 8 san Atrium.

Tuilleadh eolais ar shuíomh an Chumainn Gaelaigh http://cumann.ie/

## 5.8 Searmanais Bronnta

Bíonn an searmanas bronnta céime ar siúl i Halla na Scrúduithe sa Choláiste. Ceadaítear beirt aíonna, agus bíonn fáiltiú neamhfhoirmiúil na hOllscoile ar siúl tar éis an tsearmanais. Is féidir le mic léinn dáta a searmanais a roghnú (cuireann an Ollscoil na dátaí ar fáil), cé go bhfuil an Ollscoil ag súil leis an gcéim a bhronnadh laistigh de dhá bhliain i ndiaidh do mhic léinn an tráchtas a leagan isteach. Roghnaíonn formhór na mac léinn searmanas an Earraigh, a bhíonn ar siúl i mí Aibreáin de ghnáth. Is féidir an chéim a bhronnadh "in absentia".

## 5.9 Seomra Léitheoireachta Iarchéime 1937

Bíonn an Seomra Léitheoireachta Iarchéime 1937, atá lonnaithe ar an gCearnóg Tosaigh in aice leis an Halla Scrúdúcháin, oscailte ó Luan go hAoine: 24 uair an chloig, Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh: 24 uair an chloig ar fad ar feadh na bliana, agus cuireann sé áit chiúin ar fáil chun staidéar a dhéanamh inar féidir le mic léinn iarchéime leas a bhaint as rochtain ar ríomhaire agus ar an idirlíon, fótachóipeáil, agus priontáil ar chostas íseal.